## AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

| **Ioncam** | **Nótaí** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Deontas ón Oireachtas | **2** | 3,400,349 | 3,223,519 |
| Acmhainní dílse | **3** | 2,222,350 | 2,259,931 |
| **Ioncam Iomlán** | | **5,622,699** | **5,483,450** |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | **4** | 2,087,122 | 2,018,739 |
| Riarachán, oibríochtaí agus cur chun cinn | **5** | 1,340,466 | 1,211,742 |
| Táille iniúchóireachta | | 16,600 | 16,600 |
| Dímheas | **6** | 17,164 | 28,614 |
| **Iomlán an chaiteachais** | | **3,461,352** | **3,275,695** |
| | | | |
| **Barrachas don bhliain roimh leithreasuithe** | | **2,161,347** | **2,207,755** |
| | | | |
| Aistriú ón gcuntas caipitil | **7** | 17,164 | 28,614 |
| Íoctha leis an Roinn Dlí agus Cirt | **1(b)** | (2,290,000) | (2,210,000) |
| | | | |
| (Easnamh) / Barrachas don Bhliain tar éis Leithreasuithe | | (111,489) | 26,369 |
| | | | |
| Barrachas / (Easnamh) arna thabhairt ar aghaidh amhail an 1 Eanáir | | 202,387 | 176,018 |
| | | | |
| **Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig** | | **90,898** | **202,387** |

**Tugtar sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Coinneálacha Cúlchistí Ioncaim na gnóthachain agus caillteanais ar fad arna n-aithint sa bhliain. Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1 go nóta 15 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan

Maeve Hogan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 16/10/24

Michael Quinlan

Michael Quinlan, Cathaoirleach: Dáta: 16/10/24

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023**

**c) Bunús na Cuntasaíochta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 i gcomhréir leis na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach thíos agus san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Dlí agus Cirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**d) Ioncam**

Is éard atá san ioncam atá aitheanta sna ráitis airgeadais faoi Dheontas an Oireachtais ná maoiniú arna chur ar fáil don Údarás trí Vóta na Roinne Dlí agus Cirt, a dhéanann gach íocaíocht thar ceann an Údaráis. An t-ioncam ó Dheontas an Oireachtais agus an t-ioncam a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh caiteachas caipitil, tá siad ag teacht leis an tsuim a gearradh chun Chuntas Leithreasa na Roinne.

Aithnítear an t-ioncam ó tháillí ceadúnais nuair a fhaightear an t-iarratas ar cheadúnas. Íoctar an t-ioncam ó tháillí ceadúnais go rialta leis an Roinn Dlí agus Cirt. Déantar é a thaifeadadh mar leithreasaí i gcabhair i gcuntais na Roinne. Coinníonn an tÚdarás iarmhéid ina chuntais féin ar fhaitíos go mbeidh air táillí a aisíoc.

**e) Caiteachas**

Déantar gach caiteachas, párolla san áireamh, a thaifeadadh ar bhonn fabhraithe sna ráitis airgeadais.

Tá baill foirne uile an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt. Íocfar dliteanais phinsin na mball foirne sin as Vóta 12 - Aoisliúntas agus níl aon soláthar déanta sna ráitis airgeadais seo do na costais sin.

**f) Maoin, Gléasra agus Trealamh**

Taispeántar maoin, gléasra agus trealamh ar a nglanluach de réir na leabhar ar dháta a n-aistrithe chuig an Údarás.

Déantar maoin, gléasra agus trealamh a dhímheas ar bhonn an mhéid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta ag tosú sa mhí a gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís.

| | |
|---|---|
| Troscán | Modh an mhéid chothroim 10% |
| Crua-earraí agus bogearraí TF | Modh an mhéid chothroim 20% |
| Trealamh oifige | Modh an mhéid chothroim 20% |

**g) Fardal**

Is éard atá san fhardal ná earraí nach bhfuil le athdhíol, agus aithnítear é sna ráitis airgeadais ar a chostas nó ar a ghlanluach inréadaithe (NRV), cibé acu is ísle. Ríomhtar an costas ar bhonn is túisce isteach is túisce amach (FIFO) agus áirítear leis na costais cheannaigh go léir. Is é NRV an praghas díola (iarbhír nó measta) lúide na costais chríochnaithe riachtanacha go léir.

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023**

## 5 Riarachán, oibríochtaí agus cur chun cinn

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird[1] | 54,825 | 53,984 |
| Postas agus teileachumarsáid | 80,926 | 80,239 |
| Innealra oifige agus soláthairtí oifige eile[2] | 300,809 | 292,547 |
| Glanadh agus cothabháil oifige | 19,818 | 23,464 |
| Solas agus Teas | 19,087 | 13,582 |
| Táillí dlí | 181,563 | 196,250 |
| Margaíocht agus cur chun cinn | 319,469 | 222,246 |
| Seirbhísí Conartha | 265,317 | 267,714 |
| Táillí bainc agus ceadúnaithe | 20,690 | 25,503 |
| Foilseacháin agus tuarascálacha | 4,519 | 7,815 |
| Costais ghinearálta | 64,009 | 20,312 |
| Táillí cuntasaíochta | 9,434 | 8,086 |
| | **1,340,466** | **1,211,742** |

**Nóta:** [1]Cuireadh Bord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine ar bun an 3 Aibreán 2012. Tá miondealú ar na táillí a íocadh le comhaltaí boird aonair in 2023 san áireamh sa ráiteas rialachais atá ag gabháil leis na ráitis airgeadais seo.
[2]San áireamh faoi Innealra oifige agus soláthairtí oifige eile tá costais a bhaineann le forbairt, tástáil agus síntiúis le haghaidh an ardáin nua ceadúnaithe ar líne psralicences.ie.

## 6 Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | **IT** | **Trealamh oifige** | **Troscán** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Cost** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 349,895 | 22,768 | 25,325 | 397,988 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 349,895 | 22,768 | 25,325 | 397,988 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 332,416 | 19,654 | 21,327 | 373,397 |
| Gearrtha sa bhliain | 14,370 | 1,195 | 1,599 | 17,164 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 346,786 | 20,849 | 22,926 | 390,561 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | **3,109** | **1,919** | **2,399** | **7,427** |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | **17,479** | **2,710** | **4,402** | **24,591** |

**Nóta:** Tá buanúsáid ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine as 75 (89:2022) sócmhainn ghléasra agus trealaimh a bhfuil luach €1,069 (€4,803:2022) orthu de réir na leabhar amhail an 31 Nollaig 2023. Is í an Roinn Dlí agus Cirt a d'íoc astu agus iad taifeadta mar shócmhainní i gcuntas leithreasa na Roinne. As na 89 sócmhainn ghléasra agus trealaimh amhail an 31 Nollaig 2022, tugadh 14 de na sócmhainní sin ar ais don Roinn Dlí agus Cirt agus níor cuireadh sócmhainní nua ina n-ionad in 2023.

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023**

## 7 Cuntas Caipitil

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 24,591 | 53,205 |
| Amúchadh de réir dímheasa | (17,164) | (28,614) |
| | **7,427** | **24,591** |

## 8 Fardal

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Stáiseanóireacht | - | 16,896 |
| Fótachóipeáil / TF | 9,569 | 9,173 |
| Ilghnéitheach | - | 2,201 |
| | **9,569** | **28,270** |

## 9 Infháltais agus réamhíocaíochtaí

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí | 145,897 | 119,830 |
| | **145,897** | **119,830** |

Tá gach infháltas dlite laistigh de bhliain a

## 10 Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe | 112,294 | 81,741 |
| | **112,294** | **81,741** |

Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí is bonn leo.

